C/2024/2110

11.3.2024

Foilsiú iarratais ar ainm a chlárú de bhun Airteagal 50(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/2110)

Lena fhoilsiú seo, tugtar an ceart cur i gcoinne an iarratais de bhun Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo.

DOICIMÉAD AONAIR

‘ISTARSKI MED / ISTRSKI MED’

Uimh. AE: PDO-HR+SI-2833 — 14.3.2022

ATFC (X) TGFC ()

1. **Ainm nó ainmneacha [ATFC nó TGFC]**

‘Istarski med / Istrski med’

2. **Ballstáit nó Tríú Tír**

Poblacht na Cróite agus Poblacht na Slóivéine

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.4. Táirgí eile de thionscnamh ainmhíoch (uibheacha, mil, táirgí éagsúla déiríochta seachas im, etc.).

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is mil é ‘Istarski med’ / ‘Istrski med’ a tháirgeann beacha *Apis mellifera* ó neachtar plandaí milmheara nó ó thál codanna beo de phlandaí nó ó eisfhearadh feithidí súphlandacha ar na codanna beo de phlandaí, a bhailíonn na beacha, agus a athraíonn siad trína substaintí sonracha féin a chur leis, trí é a fhosú, a dhíhiodráitiú a stóráil agus a fhágáil i gcriathair mheala le go n-éireodh sé aibí.

Saintréithe fisiceimiceacha:

— Cion uisce ≤ 18,6 %,

— Gníomhaíocht diastáise ≥ 10, ach amháin i gcás meala lócaiste dhuibh, atá ≥ 3, ar scála Schade

— HMF ≤ 15,0 mg/kg

Saintréithe pailine:

Ní mór do speictream pailine ‘Istarski med’ / ‘Istrski med’ fásra an limistéir a shainítear i bpointe 4 a léiriú. Ag brath ar an gcineál meala, is cuid mhór den speictream í pailin ó speicis plandaí neachtair de na finte seo a leanas: *Fabaceae, Sapindaceae, Rhamnaceae, Cornaceae, Brassicaceae, Loranthaceae, Malvaceae, Liliaceae, Lamiaceae, Fagaceae, Rosaceae, Apiaceae, Salicaceae, Adoxaceae, Ericaceae, Asteraceae, Oleaceae, Araliaceae, Ranunculaceae, Asphodelaceae, Anacardiaceae*. D’fhéadfadh méideanna beaga pailine ó speicis plandaí neachtair de na finte seo a leanas a bheith i láthair freisin: *Aquifoliaceae, Boraginaceae, Amaryllidaceae, Asparagaceae, Scrophulariaceae, Urticaceae, Campanulaceae, Fumariaceae* agus finte eile.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj.

D'fhéadfadh pailin ó speicis plandaí neamh-neachtair de na finte seo a leanas a bheith i láthair freisin in 'Istarski med' / 'Isrski med': *Quercus* spp., *Fraxinus* spp., *Helianthemum* spp., *Papaver* spp., *Plantago* spp., *Betula* spp., *Alnus* spp., *Carex* spp., *Pinus* spp., *Cistus* spp., Poaceae agus Pinaceae, *Fragaria vesca, Cupressus sempervirens, Olea europaea, Filipendula ulmaria, Vitis vinifera, Corylus avellana*, agus finte eile i gcomhréireanna níos ísle.

Saintréithe fisiceimiceacha:

An cineál meala	Seoltacht leictreach
Mil lócaiste dhuibh	≤ 0,25 mS/cm
Mil sáiste	0,20–0,55 mS/cm
Mil chastáin	≥ 0,8 mS/cm
Mil bláthanna	≤ 0,8 mS/cm
Mil drúchtín meala dhuillsilteach	≥ 0,8 mS/cm
Mil bhlasta an gheimhridh	≤ 0,8 mS/cm
Mil teile	0,5–1,1 mS/cm

Saintréithe meileasapailineolaíocha:

	Tuairisc
Mil lócaiste dhuibh	Ní mór pailin lócaiste dhuibh (*Robinia pseudoacacia* L.) a bheith ann, agus d'fhéadfadh pailin ó na plandaí seo a leanas a bheith le feiceáil: Rosaceae, Fabaceae, *Cornus sanguinea*, *Prunus* spp., Poaceae, *Salix* spp., *Fragaria vesca*, *Quercus* spp., *Fraxinus* spp., *Lotus* spp., *Ligustrum vulgare*, *Helianthemum* spp. D'fhéadfadh pailin scoite ó na plandaí seo a leanas a bheith le feiceáil: *Cornus mas*, *Aesculus hippocastanum*, Apiaceae, *Loranthus europaeus*, *Acer* spp., *Pinus* spp., *Plantago* spp. *Filipendula ulmaria*, *Castanea sativa*, Lamiaceae, Brassicaceae, *Asparagus* spp., *Tilia* spp., *Taraxacum officinale*, *Phacelia tanacetifolia*, *Paliurus spina christi*, *Olea europea*, Asteraceae (an géineas *Solidago*).
Mil sáiste	Ní mór ar a laghad 15 % de phailin sáiste (*Salvia officinalis* L.) a bheith ann. D'fhéadfadh pailin ó na plandaí seo a leanas a bheith le feiceáil: Rosaceae, *Robinia pseudoacacia*, *Quercus* spp., *Prunus* spp., *Paliurus spina christi*, *Olea europea*, *Ligustrum vulgare*. D'fhéadfadh pailin scoite ó na plandaí seo a leanas a bheith le feiceáil: Poaceae, *Pistacia* spp., Lamiaceae, *Filipendula ulmaria*, *Cornus sanguinea*,
Mil chastáin	Ní mór ar a laghad 85 % de phailin chastáin Eorpaigh (*Castanea sativa* Mill.) a bheith ann. D'fhéadfadh pailin scoite ó na plandaí seo a leanas a bheith le feiceáil: *Paliurus spina christi*, Fabaceae, Rosaceae, *Pistacia* spp., *Prunus* spp., *Salix* spp.
Mil bláthanna	D'fhéadfadh comhréireanna athraitheacha pailin ó na plandaí seo a leanas a bheith ann: Fabaceae, Rosaceae, *Quercus* spp., *Prunus* spp., Poaceae, *Paliurus spina christi*, *Acer* spp., fungal spores, *Salix* spp., Apiaceae, *Robinia pseudoacacia*, *Fraxinus* spp., *Fragaria vesca*, *Cornus sanguinea*, *Lotus* spp., *Lamiaceae*, *Castanea sativa*, *Aesculus hippocastanum*

Mil drúchtín meala dhuillsilteach	Ní mór an cóimheas idir an líon eilimintí drúchtín meala (spóir fungais, codanna de *hyphae*, algaí glasa) agus gráin pailine speiceas plandaí neachtair a bheith 1,5 ar a laghad, le comhréireanna athraitheacha pailine ó na plandaí seo a leanas: Fabaceae, *Castanea sativa*, Rosaceae, *Salix* spp., *Paliurus spina christi*, *Robinia pseudoacacia*, *Cornus sanguinea*, *Prunus* spp., *Lotus* spp., Poaceae, *Quercus* spp., *Olea europea*, *Fraxinus* spp., *Filipendula ulmaria*, *Fragaria vesca*, Asteraceae (an géineas *Solidago*), Apiaceae, *Tilia* spp., *Taraxacum officinale*, *Pinus* spp., *Loranthus europaeus*, Liliaceae, *Ligustrum vulgare*, Lamiaceae, *Helianthemum* spp., *Cornus mas*, Brassicaceae, Asteraceae (an géineas *Taraxacum*), *Acer* spp.
Mil bhlasta an gheimhridh	Ní mór ar a laghad 20 % de phailin bhlasta an gheimhridh (*Satureja montana* L.) a bheith ann. D'fhéadfadh pailin ó na plandaí seo a leanas a bheith le feiceáil: *Hedera helix*, *Satureja montana*, Fabaceae, *Tilia* spp., Rosaceae. D'fhéadfadh pailin scoite ó na plandaí seo a leanas a bheith le feiceáil: *Castanea sativa*, *Echium vulgare*, *Filipendula ulmaria*, Liliaceae, Poaceae, Asteraceae (an géineas *Solidago*), Asteraceae (an géineas *Taraxacum*), *Centaurea jacea*, *Fragaria vesca*.
Mil teile	Ní mór ar a laghad 25 % de phailin teile (*Tilia* sp.) a bheith ann. D'fhéadfadh pailin ó na plandaí seo a leanas a bheith le feiceáil: Rosaceae, *Quercus* spp., Poaceae, *Paliurus spina christi*, Fabaceae, *Castanea sativa*, *Fraxinus* spp., Asteraceae (an géineas *Solidago*). D'fhéadfadh pailin scoite ó na plandaí seo a leanas a bheith le feiceáil: *Vitis vinifera*, *Trifolium* spp., *Sambucus nigra*, *Ranunculus* spp., *Phacelia tanacetifolia*, Liliaceae, *Helichrysum italicum*, *Helianthus annuus*, *Centaurea* spp., *Centaurea jacea*, *Carex* spp., Asteraceae, Apiaceae.

Saintréithe orgánaileipteacha:

	Dath	Boladh	Blas
Mil lócaiste dhuibh	idir buí geal agus buí, beagnach gan dath	séimh, de chíor mheala neamhshaothraithe, céir úr agus bláth lócaiste dhuibh	idir milis agus an-mhilis, gearrshaolach
Mil sáiste	donn scothdhearg, dearg oráiste, dearg scothbhuí, ómra, le himir ghlas	d'adhmad, taitneamhach	beagán griofadach, buan, milis, beagán searbh
Mil chastáin	donn scothdhearg	idir measartha dian agus dian, de bhláth castáin	dian, idir searbh agus an-searbh, buan idir measartha milis agus milis
Mil bláthanna	idir buí agus ómra dorcha	taitneamhach, bláfar, de thorthaí stofa, bláthanna móinéir, céir agus siúcra d'fhéadfadh sé a bheith géar	idir milis agus an-mhilis, beagán géar agus géar, buan
Mil drúchtín meala dhuillsilteach	idir donn geal agus donn scothdhearg dorcha	d'adhmad agus caramal, dian	beagán griofadach, d'adhmad nó caramal, measartha milis
Mil bhlasta an gheimhridh	scothdhearg ómra	torthaí triomaithe	milis, buan agus beagán searbh
Mil teile	idir buí agus ómra	láidir, fionnuar, de bhláth teile, meantól, scamh líomóide agus adhmad	measartha milis, beagán géar, idir beagán agus measartha searbh, fionnuar, buan

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha sa táirgeadh nach mór dóibh tarlú sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim den táirgeadh, ó fhéarach beach go heastóscadh, a dhéanamh laistigh den limistéar geografach.

3.5. *Sainrialacha maidir le slisniú, grátáil, agus pacáistiú etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Tarlaíonn pacáistiú 'Istarski med' / 'Istrski med' go heisiach laistigh den limistéar geografach atá luaite i bpointe 4, go bunúsach chun inrianaitheacht an táirge a áirithiú agus dá bhrí sin a úrnuacht agus a shaintréithe sonracha. Cuidíonn sé seo le híoslaghdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go ndéanfar an táirge a thruaillmheascadh le táirgí comhchosúla, rud is dóichí má tharlaíonn pacáistiú lasmuigh den limistéar geografach sainithe.

3.6. *Sainrialacha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Agus an táirge á chur ar an margadh i bhfoirm réamhphacáistithe, ní mór an t-ainm 'Istarski med' nó 'Istrski med' a shonrú i litreacha atá níos mó ná aon ainm eile ar an réamhphacáistiú. Ní mór stampa ar a bhfuil uimhir aitheantais chomhleanúnach agus an tsiombail choiteann (lógó) a bheith ar an lipéadú freisin.

Tá sé de cheart ag gach úsáideoir d'ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Istarski med'/'Istrski med' a chuireann an táirge ar an margadh i gcomhréir leis an tsonraíocht seo an stampa a úsáid, faoi na coinníollacha céanna.

Is í an tsiombail choiteann braon meala daite i stríoca cothrománacha ailtéarnacha liatha agus dubha, suite in aghaidh heicseagán buí a thaispeánann cíor mheala stílithe. Faoi bhun an heicseagáin tá 'ISTARSKI MED' scríofa, i gceannlitreacha, sa leagan Cróitise (Fíor 1) agus 'ISTRSKI MED' sa leagan Slóivéinise (Fíor 2).

Fíor 1

ISTARSKI MED

Fíor 2

ISTRSKI MED

4. Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach

Is é an limistéar táirgthe 'Istarski med' / 'Istrski med' sa Chróit leithinis na hIstria agus a hoileáin i gContae na hIstria, agus ina dhiaidh bardais Opatija, Lovran, Mošćenička Draga agus Matulji, oileáin Cres agus Lošinj agus a n-oileáin bheaga de Unije, Ilovik, Susak agus Vele Srakane, agus roinnt oileáiníní neamháitrithe. Sa tSlóivéin, cuimsíonn an limistéar táirgthe réigiún Istria na Slóivéine, atá comhdhéanta de bhardais Koper, Izola, Piran agus Ankaran.

Sa tSlóivéin, tá teorainneacha an limistéir táirgthe ar aon dul le teorainn thuaidh bhardas Ankaran agus Koper, a shíneann ó thrasnú teorann Lazaret/Lazzaretto ar an teorainn idir an tSlóivéin agus an Iodáil go dtí an teorainn idir bardais Koper agus Sežana in aice le páirc dúlra Dolina Glinščice/Val Rosandra. Leanann an limistéar geografach feadh na teorann idir bardais Koper agus Sežana ó dheas de shráidbhaile Ocizla agus ó thuaidh de shráidbhaile Črnotiče, sula dtagann sé anuas go páirc dúlra Slavnik agus sula dtéann sé feadh imeall an oirthuaiscirt go dtí go sroicheann sé an teorainn leis an gCróit….

5. Nasc leis an limistéar geografach

5.1 *Sainiúlacht an limistéir gheografaigh*

Tá flóra saibhir agus éagsúil ag an Istria mar gheall ar roinnt cúinsí fabhracha a bhaineann leis an limistéar. Is é an chéad cheann díobh sin suíomh geografach na hIstria, agus ina dhiaidh sin a haeráid, a rilíf, a bunús peitreagrafach agus a hithir.

Tá dálaí sonracha aeráide ag baint leis an limistéar geografach freisin; tá an aeráid an-ilchineálach, go príomha toisc, mar leithinis, go bhfuil an fharraige mórthimpeall na hIstria ar thrí thaobh, ach freisin toisc go bhfuil sí suite ar imeall thuaidh Mhuir Aidriad, leath bealaigh idir an Mheánmhuir agus an chuid ilchríochach den Eoráise. Ag brath ar dhomhanleithead agus saintréithe na rilífe, tá an Istria foroinnte ina thrí chrios aeráide. Tá aeráid na Meánmhara mar shaintréith ag an gcuid cósta láir agus theas, agus tá aeráid measartha te, tais, le samhraí teo ag an gcuid thuaidh agus an chuid atá níos faide intíre. Sa chuid thuaidh, ilchríochach, tá aeráid fho-Mheánmhara i réim.

Athraíonn na cineálacha éagsúla 'Istarski med' / 'Istrski med' de réir na bpobal plandaí, a athraíonn ar a seal de réir idirghníomhú na haeráide, na hithreach agus na rilífe. Go geografach, tá an Istria suite ar an líne deighilte idir an Mheánmhuir agus sliabhraonta Dinaric agus Alpacha, mar sin i dtéarmaí fásra tá sé tréithrithe ag flóra na réigiún sin. Dá bhrí sin, tá roinnt limistéar fásra ar leithinis na hIstria, agus tá an fásra ilghnéitheach seo ina bhunús tábhachtach le haghaidh tháirgeadh na gcineálacha éagsúla 'Istarski med' / 'Istrski med'. Cruthaíonn imeall cúng feadh na farraige limistéar d'fhoraoisí síorghlasa de dhair thoilm agus scrobarnach, domhan plandaí ar saintréith de chuid an réigiúin Meánmhuirí é. Is iad na foraoisí duillsilteacha de dhair chlúmhach agus de chrann sleamhain Oirthearacha an cineál fásra foraoise is forleithne san Istria, scaipthe ar fud an chuid is mó de mhórthír na hIstria, ó chrios an fhásra shíorghlais lena síneann siad, go dtí na codanna lárnacha den Istria. Is iad dair chlúmhach nó dair choitianta is mó atá sa chineál seo fásra, agus is foinse shuntasach drúchtín meala í, mar aon leis an dair thoilm. Is féidir crainn chastáin a fháil ar fhánaí Učka, os cionn Lovran, agus in iarthar na hIstria (Bujština), go príomha i bhforaoisí an chrainn shleamhain Oirthearaigh agus na darach clúmhaí, mar gheall ar na hithreacha domhain aigéadacha a foirmíodh ar bharr na n-ithreacha a bhíodh dearg roimhe seo. Soláthraíonn na clampaí castáin Eorpaigh sin méideanna leordhóthanacha neachtair, ag cur an limistéir shainithe i gcatagóir de réigiúin na Cróite atá fós caomhnaithe go maith, áit ar féidir mil chastáin atá thar a bheith aonbhláthach a tháirgeadh. Tá pobal forleathan de sháiste íocshláinte agus d'fhéar cleiteach go príomha i gcodanna d'oirdheisceart na hIstria, a úsáidtear mar phlandaí féaraigh, rud a sholáthraíonn méideanna suntasacha neachtair agus a áirithíonn táirgeadh an chineáil meala is luachmhaire ar saintréith de chuid aeráide na Meánmhara é: mil sáiste. An tráth céanna, is é an limistéar seo an pointe is faide ó thuaidh ag a bhfuil sáiste íocshláinte forleathan ina fhoirm dhúchais. Is é an limistéar ina bhfuil darach chlúmhach agus féar an chuid is éagsúla den Istria ó thaobh fásra de. Tá an chuid is mó de na clampaí lócaiste dhuibh suite sa chuid lárnach agus thuaidh, ach síneann cuid acu níos faide isteach i gcrios aeráide na Meánmhara, áit a nascann siad le flóra na Meánmhara chun acmhainní neachtair a sholáthar. Déanann sé sin, in éineacht leis na príomhspeicis plandaí, difear do shainiúlacht na meala lócaiste dhuibh.

I dtuairisc ar fhlóra oileánra Cres-Lošinj, luann Wallnöfer (2008) as an 1 130 tacsón a taifeadadh, gur tuairiscíodh 253 le haghaidh Cres amháin, agus 273 le haghaidh Lošinj amháin. Sa chuid thuaidh fo-Mheánmhara d'oileán Cres, is iad na pobail is suntasaí d'fhásra creagach féaraigh na sáiste íocshláinte, agus an pobal feisciú agus koeleria. Áiríonn limistéar Osoršćice thart ar 700 speiceas plandaí, is é sin dhá thrian de fhlóra iomlán Lošinj.

Deir Miloš Furlan (2007) faoi shaintréithe féarach beach in Istria na Slóivéine go bhfuil 'na féaraigh shéasúracha thipiciúla beagnach ar fad ag an limistéar, ó thús an earraigh go dtí na príomh-fhéaraigh lócaiste dhuibh (acáise) agus na féaraigh chastáin mhilse agus féaraigh an fhómhair ar fhásra an fhómhair, agus láithreacht an drúchtín meala ar na crainn ina dhiaidh sin, agus an fhéidearthacht substaintí milse a bhailiú ar thorthaí aibí éagsúla, amhail figí, fíonchaora agus a leithéidí.'

5.2 *Sainiúlacht an táirge*

Eascraíonn sainiúlacht 'Istarski med' / 'Istrski med' as na hacmhainní nádúrtha ar a bhfuil a tháirgeadh bunaithe. Mar tháirge bia annamh, soláthraíonn mil, mar gheall ar a sainiúlacht (láithreacht grán pailine), léiriú maith ar an limistéar ina dtáirgtear í. Agus í suite ar theorainn dhá réigiún bhithgheografacha – an Mheánmhuir agus an réigiún ilchríochach – is réigiún eisceachtúil í an Istria maidir le flóra.

Faightear cuid mhór de na speicis plandaí seo a leanas i mil lócaiste dhuibh: *Fraxinus*, plandaí ó fhine Rhamnaceae, *Salix*, *Loranthus europaeus*, *Cotinus coggyria*, *Prunus* f., *Vicia*, *Trifolium pratense* gr., *Coronilla/Hippocrepis*, *Chamaerops* agus *Filipendula*, ach léiríonn staidéir éagsúla go bhfuil an chomhréir shainiúil de phailin lócaiste dhuibh idir 7 % agus 60 %, agus mar sin nuair a bhíonn tionscnamh á chinneadh, dírítear aird ar shaintréithe fisiceacha nó ceimiceacha a shainaithint.

Soláthraíodh deimhniú breise ar bhunús na samplaí de mheala lócaiste dhuibh ag na luachanna seoltachta an-íseal leictrí a fuarthas (0,11–0,18 mS/cm), mar go bhfuil na luachanna sin tipiciúil do mheala lócaiste dhuibh.

Breathnaíodh easpa criostalaithe meala freisin – airí atá bainteach de ghnáth le láithreacht neachtair síl ráibe. Ós rud é go ndeimhnítear nach bhfuil gráin pailine síl ráibe ar fáil, is féidir linn a thabhairt i gcrích gur saintréith shainiúil é seo de mheala lócaiste dhuibh ó leithinis na hIstria.

Is eol go bhfuil líon ard pailine ag mil chastáin, rud a chuimsíonn i gcónaí níos mó ná 90 % i samplaí ón Istria. Ina theannta sin, tá speictream pailine na meala castáin ón Istria difriúil leis na cinn a tháirgtear i dtíortha comharsanacha, mar shampla i réigiún Alpach na hIodáile, áit a mbíonn tionchar an-mhór ag pailin speiceas plandaí d'fhásra sléibhe amhail plandaí na fine *Ericaceae* agus *Tilia*.

I samplaí de mhil bláthanna, fuarthas líon suntasach pailine ó *Castanea* agus *Prunus* f. agus i gcomhréireanna níos ísle ó *Rubus* f., *Clematis*, *Castanea*, *Brassica* f., Umbelliferae/Apiaceae, plandaí ó fhine Rhamnaceae, *Trifolium repens* gr., *Vicia*, *Melilotus* agus *Coronilla/Hippocrepis*. Tugtar tacaíocht bhreise do shainiúlacht an speictrim pailine ag láithreacht pailine ó na speicis plandaí seo a leanas a fhaightear go hiondúil sa réigiún: *Ailanthus*, *Loranthus*, *Asparagus acutifolius*, *Aesculus* agus *Cotinus coggyria*.

Seachas cineálacha neachtair meala, táirgeann beachairí ón Istria freisin mil drúchtín meala dhuillsilteach a bhfuil saintréithe sonracha acu. Tá sé léirithe ag anailísí ar shamplaí meala go raibh an cóimheas idir na heilimintí drúchtín meala agus gráin pailine ó speicis plandaí neachtair idir 2,03 agus 29,3, le luach airmheánach 8,2, atá i bhfad níos mó ná na luachanna a theastaíonn chun mil drúchtín meala a aicmiú (> 3). Ar an gcaoi chéanna, dheimhnigh anailísí meileasapailineolaíocha speictream pailine sainiúil ina bhfuil pailin de speicis plandaí neamh-neachtair amhail *Fraxinus*, *Quercus*, *Plantago* agus Gramineae/Pocaeae i láthair freisin. Ina theannta sin, cuimsíonn sainspeictream pailine speiceas plandaí neachtair plandaí den fhine Rhamnaceae agus *Prunus* f., a bhí i láthair i 100 % de na samplaí, agus ina dhiaidh sin *Castanea*, *Rubus* f., *Compositae* T, *Brassica* f., *Asparagus acutifolius* agus *Clematis*, agus bhí *Cotinus coggyria* agus *Aesculus* i láthair i gcomhréireanna beagán níos ísle.

Léirítear sainiúlacht na meala sáiste ón Istria ina bunús luibheolaíoch agus láithreacht níos mó pailine ó *Robinia pseudoacacia*, Rosaceae, *Ligustrum vulgare*, Fabaceae, Ericaceae, *Acer* spp., *Lotus* spp. agus *Salix* spp. Tá sí difriúil le mil sáiste ó thuaisceart na hAidriad, áit a dtagann an chuid is mó den phailin a fhaightear ó Rhamnaceae, *Acer spp*., *Castanea sativa*, *Myosotis spp*., *Prunus spp*. agus *Rubus spp*., , cé go bhfuil an speictream pailine sa Dalmáit tréithrithe ag láithreacht pailine ó *Paliurus spina christi*, *Erica arborea*, *Trifolium pratense*, *Melilotus* spp., *Centaurea jacea* agus Apiaceae.

Ar bhonn an speictrim pailine a fuarthas i samplaí de mhil bhlasta an gheimhridh a ndearnadh anailís orthu, tháinig cuid mhór den phailin ó *Hedera helix*, Fabaceae, *Tilia* spp., Rosaceae, *Castanea sativa*, *Echium vulgare* agus Liliaceae. Tá difríocht shuntasach idir seo agus samplaí meala ón Spáinn, áit ar mó an phailin ó *Diplotaxis* spp., *Onobrychis vicifolia*, *Centaurea* spp., *Lavandula latifolia*, *Thymus* spp. agus Apiaceae.

Léiríonn anailís ar shamplaí de mhil teile go dtagann cuid mhór den phailin ó Rosaceae, *Paliurus spina christi*, Fabaceae, *Castanea sativa*, Asteraceae (an géineas *Solidago*), Liliaceae, *Centaurea* spp. agus Asteraceae. Trí chomparáid a dhéanamh idir na speicis plandaí a sainaithníodh, is léir go bhfuil siad difriúil leo siúd a fhaightear i mil teile ón Iodáil, áit ar tháinig an chuid is mó den phailin a fuarthas ó *Rubus* spp., *Trifolium repens*, *Robinia pseudoacacia*, *Ailanthus altissima*, *Amorpha* spp. agus *Acer* spp., ach is sainairí é speictream pailine na meala teile ón Rómáin go bhfuil pailin ann ó *Brassica napus*, *Helianthus annuus*, *Melilotus* spp. agus *Solidago* spp.

Léiríonn na staidéir agus na hanailísí eolaíocha seo lena sainaithnítear meascán de phailin ó speicis plandaí ilchríochacha agus ón Meánmhuir go bhfuil difríocht idir 'Istarski med' / 'Istrski med' agus an mhil a tháirgtear i réigiúin eile. Cuireann na comhréireanna pailine de speicis éagsúla plandaí freisin le saintréithe fisiciceimiceacha agus orgánaileipteacha sonracha (dath, blas, boladh) 'Istarski med' / 'Istrski med' i gcomparáid leis na cineálacha céanna meala ó limistéir gheografacha eile. Is sainairíonna de chuid 'Istarski med' / 'Isrski med' freisin iad a úire (uasluach HMF 15,0 % mg/kg) agus cion uisce suas le 18,6 %. Chun na hairíonna sin a chaomhnú, ní dhéantar dianchóireáil teasa ar 'Istarski med' / 'Istrski med', rud a áirithíonn go gcaomhnaítear a chuid airíonna a dhíorthaítear ó fhlóra ar leith an limistéir táirgthe.

5.3 *Nasc cúisíoch idir sainiúlacht an limistéir gheografaigh agus sainiúlacht an táirge*

Is limistéar uathúil agrai-éiceolaíoch í an Istria atá an-ilghnéitheach ó thaobh rilífe, ithreach, geomoirfeolaíochta agus aeráide de. Mar thoradh ar idirghníomhú na dtosca seo tá comhdhéanamh plandúil tipiciúil atá mar bhunús do tháirgeadh cineálacha éagsúla meala. Déanann éagsúlacht agus saibhreas an chomhdhéanaimh phlandúil sin difear díreach do shainiúlacht 'Istarski med' / 'Istrski med', rud a léirítear ina bhlasanna agus ina bholaithe ar leith. Tugann an meascán de na comhréireanna pailine a fhaightear i gcineálacha áirithe meala saintréithe orgánaileipteacha sonracha (dath, boladh agus blas) dóibh atá difriúil le samplaí den chineál céanna meala ó limistéir gheografacha eile. Le himeacht ama, chuir beachairí ón Istria le hairíonna sonracha na meala trí bheith eolach ar chomhdhéanamh luibheolaíoch agus ar shaintréithe aeráide na micrilimistéar éagsúil, rud a chuir ar a gcumas na céimeanna i saolré plandaí áirithe a tháirgeann meala a leanúint ar bhealach níos cruinne. Trí bhreathnú cúramach a dhéanamh ar an dúlra agus ar an aeráid, is féidir le beachairí ón Istria a chinneadh go cruinn cá háit agus cathain ar cheart dóibh a gcuid coirceog a chur, nó cathain is cóir tosú ar bhaint na meala, chun gnáthcharachtar agus ardleibhéal íonachta an neachtair a bhaint amach. Cuireann na cleachtais sin le carachtar an-aonbhláthach na meala. Mar gheall ar shainiúlacht na gcoinníollacha peidichlíomacha sa limistéar táirgthe, na blianta fada taithí atá ag na beachairí, agus an traidisiún táirgthe a théann siar go dtí tús an chéid seo caite agus a tugadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin, is táirge so-aitheanta i measc tomhaltóirí é 'Istarski med' / 'Istrski med'.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://poljoprivreda.gov.hr/UserDocsImages/dokumenti/hrana/proizvodi_u_postupku_zastite-zoi-zozp-zts/Specifikacija%20Istarski%20med%2026-4-2023.doc

https://www.gov.si/assets/ministrstva/MKGP/PODROCJA/HRANA/SHEME-KAKOVOSTI/CERTIFICIRANI-PROIZVAJALCI-IZBRANA-KAKOVOST/CERTIFICIRANI-PROIZVAJALCI-ZASCITENIH-KMETIJSKIH-PRIDELKOV/Istrski_med_Istarski_med.pdf